

Foirm SQEII 3 Ráiteas Cáilitheachta – An Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (EII)



Faoiseamh i leith infheistíochta i dtrádálacha corpraithe faoi Chaibidil 4 de Chuid 16 den ACC, 1997

Ráiteas agus dearbhú de réir bhrí Alt 508A den ACC, 1997 chun críocha infheisteoir ag déanamh éilimh ar fhaoiseamh faoi Alt 508F(1)(a) den ACC, 1997 i ndáil le scaireanna incháilithe a eisíodh ar 1 Eanáir 2019 nó dá éis

1. Sonraí na cuideachta

Ainm:

Ag trádáil mar
(más éagsúil):

Seoladh
Gnó
(Eircode
san áireamh):

Uimhir Tagartha Cánach Corparáide:

2. Sonraí infheisteora

Sa chás go n-eisítear na scaireanna chuig duine aonair:

Ainm:

Seoladh
(Eircode
san áireamh):

Uimhir PSP:

Sa chás go n-eisítear na scaireanna chuig Ciste Infheistíochta Ainmnithe:

Ainm:

Seoladh
(Eircode
san áireamh):

Uimhir Tagartha Cánach:

3. Sonraí infheistíochta³

Dáta eisiúna na scaireanna:

Aicme na scaireanna a eisíodh:

Ceartha a ghabhann leis na scaireanna sin:

Líon na scaireanna a eisíodh:

4. Faoiseamh

(a) An tsuim a suibscríobhadh le haghaidh scaireanna

(b) Laghdú faoi Alt 497 den ACC, 1997⁴

(c) Laghdú faoi Alt 508R den ACC, 1997⁵

Suim na hinfeistíochta a cháilíonn le haghaidh faoisimh faoi Alt 502(2)(a) [a-b-c]

An dáta ar a caitheadh 30% den tsuim a bailíodh ar chuspóir cáilitheach:

5. Dearbhú

Faoi Alt 508X den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (ACC, 1997), is mar thuairisceán a dhéanamh nó a sheachadadh ag an gcuideachta a chaitear leis an ráiteas seo a thabhairt d'infheisteoir. Sa chás go ndéanann nó go seachadaíonn cuideachta tuairisceán mícheart, féadfaidh sé go dtiocfaidh pionóis aníos faoi Alt 1077E den ACC, 1997. Sa chás go ndéantar nó go seachadaítear ráiteas mícheart cáilitheachta chuig infheisteoir, aisghabfar ón gcuideachta, faoi Alt 508U den ACC, 1997, aon fhaoiseamh a bhfuil an ráiteas mícheart sin ina chúis le suim sa bhreis ar an bhfaoiseamh dlite a bheith éilithe ag an infheisteoir.

Ráiteas cáilitheachta is ea seo, de réir bhrí Alt 508A den ACC, 1997, i leith an mhéid seo:

- (a) go bhfuil an chuideachta, atá ainmnithe sa ráiteas seo, ina cuideachta cháilitheach de réir bhrí Chuid 16 den ACC, 1997, agus
- (ii) go bhfuil an infheistíocht ina hinfeistíocht cháilitheach de réir bhrí Alt 496.

NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ

DEARBHAÍM, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, go bhfuil an ráiteas seo ceart agus iomlán.

Sínitheoir:

Dáta:

Cáil:

NÓTAÍ DON INFHEISTEOR

Is fianaise é an Ráiteas Cáilitheachta seo go gcomhlíonann d'infheistíocht codanna áirithe de na critéir cháilitheachta don fhaoiseamh faoin Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta. Féadfaidh sé go n-iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ort an doiciméad seo a chur ar fáil. Má loiceann tú an ráiteas seo a chur ar fáil nuair a iarrtar é, féadfaidh sé go dtarraingeofar siar aon fhaoiseamh a éilíodh.

NÓTAÍ DON CHUIDEACHTA

1. Tá treoir ar an Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta ar fáil sa Treoirleabhar Cánach agus Dleachta 16-00-02, lena n-áirítear treoir ar bhrí téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo, amhail “cuideachta cháilitheach” agus “infheistíocht cháilitheach”. Ba chóir do chuideachtaí an treoir úd a léamh roimh an ráiteas seo a chomhlánú.
2. Ní fhéadtar an ráiteas seo a chur ar fáil níos luaithe ná an dáta ar a caitheadh 30% den tsuim a bailíodh ar chuspóir cáilitheach, agus ní fhéadtar é a chur ar fáil tráth níos déanaí ná 2 bhliain tar éis dheireadh na bliana measúnaithe ina n-eisítear na scaireanna [Alt 508A(4) den ACC, 1997].
3. Féadann na scaireanna a bheith ina scaireanna in-chomhshóite, scaireanna carnacha, nó scaireanna tosaíochta. Ní fhéadtar aon chearta eile a ghabháil leis na scaireanna a laghdódh an riosca nach bhfuasclófaí na scaireanna nó nach n-íocfaí aon díbhinn [Ailt 494 agus 495 den ACC, 1997].
4. In Alt 497 den ACC, 1997, leagtar amach na teorainneacha bliantúla (€5m) agus na teorainneacha saoil (€15m) ar an tsuim a fhéadtar a bhailiú faoi Chuid 16 den ACC, 1997.
5. Foráiltear in Alt 508R den ACC, 1997 go laghdaítear suim an fhaoisimh a bhfuil an duine aonair i dteideal a fháil más rud é, le linn na tréimhse comhlíontachta, go dtugann an cuideachta luach do scairshealbhóirí áirithe eile.
6. Chun críocha an DFI, ní fhéadtar scaireanna a choinneáil in ainmneacha comhpháirteacha.